Foirm Achomhairc i gcás Scrúduithe TEG

Léigh an fhoirm seo go cúramach, líon isteach í agus seol ar ais í mar aon le do ráiteas achomhairc.

Ainm:_____

Seoladh:_____

_____

Uimhir ghutháin: _____

R-phost: _____

Scrúduimhir TEG: _____

Leibhéal, Dáta, agus Ionad Scrúdaithe TEG: _____
(m.sh. Scrúdú B1, 16 Feabhra, Cill Chainnigh)

<u>Cásanna achomhairc:</u>

Glacfar le hachomhairc ar thoradh scrúdaithe sna cásanna seo:

(a) Má tá fianaise ann go raibh aon mhírialtacht shubstainteach i riar an scrúdaithe;
(b) Má tá fianaise ann nár lean scrúdaitheoirí TEG nósanna imeachta bunaithe i ngrádú an scrúdaithe;
(c) Má tá fianaise ann go raibh claontacht shubstainteach ag scrúdaitheoir(í) maidir leis an gcaoi ar thángthas ar chinneadh.

Eisiaimh

i. Ní ghlacfar le heasaontú le cinneadh mar chúis bhailí d'achomharc.
ii. Ní ghlacfar le díomá maidir le toradh measúnaithe, ná leis an tuairim go raibh sé de cheart ag an iarrthóir marc níos airde a ghnóthú, mar chúis bhailí d'achomharc.
iii. Ní ghlacfar le gearáin i leith daoine aonair ná i leith nósanna imeachta bunaithe mar chúis bhailí d'achomharc.
iv. Ní féidir achomharc a dhéanamh an athuair in aghaidh cinneadh a ndearnadh athbhreithniú nó achomharc air cheana agus na cúiseanna céanna a lua arís.

Léirigh thíos, le do thoil, cén ceann na cásanna thuasluaite lena mbaineann d'achomharc (cuir ciorcal timpeall air):

(a) (b) (c)

<u>Seol **ráiteas** chugainn, le do thoil, ag cur síos ar na cúiseanna atá agat leis an achomharc seo a dhéanamh, agus ceangal leis an bhfoirm seo é. Seol an ráiteas sin, mar aon leis **an bhfoirm chomhlánaithe** seo agus **dréacht bainc nó seic** iníoctha le Scrúduithe TEG ar luach €35 é, i gclúdach litreach chuig: **Scrúduithe TEG, Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad**. Ní mór go bhfaighimis é roimh 5pm ar an 27 Márta 2019.</u>

Síniú: _____

Dáta: _____